2026/1782

24.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1782 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 771/2008 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha eagrúcháin agus nós imeachta Bhord Achomhairc na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 93(4) agus Airteagal 132 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chinn Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') an Bord Achomhairc a aistriú chuig samhail nua oibriúcháin, nach mbeidh a triúr comhaltaí le fostú a thuilleadh mar fhoireann bhuan de chuid na Gníomhaireachta fúithi. Ní dhéanann an cinneadh sin difear do chomhdhéanamh an Bhoird Achomhairc, arb éard atá ann triúr comhaltaí, lena n-áirítear cathaoirleach, agus a gcomhaltaí malartacha.

(2) Ba cheart rialacha eagrúcháin agus nós imeachta an Bhoird Achomhairc a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 771/2008 ([2]) ón gCoimisiún ('Rialacha Nós Imeachta') a leasú chun go mbeidh siad i gcomhréir leis an tsamhail nua oibriúcháin, agus chun na rialacha atá ann faoi láthair a nuachóiriú.

(3) Ba cheart na rialacha maidir le hionadú chomhaltaí an Bhoird Achomhairc a shoiléiriú, go háirithe maidir le comhaltaí malartacha a ainmniú i gcás ina gcuirtear cosc ar chomhalta páirt a ghlacadh sna himeachta nó i gcás ina bhfuil post mar chomhalta den Bhord Achomhairc folamh.

(4) D'fhonn comhtháthú agus comhsheasmhacht a áirithiú i measc cásanna a bhaineann leis an ábhar céanna agus éifeachtúlacht a mhéadú agus chun go mbeifear in ann an t-ualach oibre a chur san áireamh, ba cheart an Cathaoirleach a bheith in ann comhalta eile a ainmniú mar rapóirtéir, tar éis dó dul i gcomhairle leis na comhaltaí lena mbaineann.

(5) Is gá a áirithiú go leanfaidh an nós imeachta achomhairc de bheith ag feidhmiú go héifeachtúil agus go comhsheasmhach, chun go bpróiseálfar achomhairc ar ráta sásúil. Dá bhrí sin, ba cheart bainistiú an nós imeachta achomhairc a chur de chúram ar an gCláraitheoir, ar cheart do Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta é a cheapadh.

(6) Is gá a áirithiú freisin go leanfaidh creat oibríochtúil an Bhoird Achomhairc de bheith neamhspleách agus saor ó thionchair mhíchuí. Ba cheart foráil shonrach a dhéanamh maidir le ról agus seasamh an Chláraitheora agus na Clárlainne laistigh den Ghníomhaireacht. Ba cheart a shoiléiriú freisin go dtuairiscíonn an Cláraitheoir do Chathaoirleach an Bhoird Achomhairc maidir le stiúradh an nós imeachta achomhairc agus próiseas cinnteoireachta an Bhoird Achomhairc, agus do stiúrthóir na Gníomhaireachta atá freagrach as acmhainní a mhéid a bhaineann le cúrsaí foirne.

(7) D'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú faoin tsamhail nua oibriúcháin agus leanúint den chleachtas atá ann faoi láthair, ba cheart don Chláraitheoir athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíontacht an fhógra achomhairc, ní amháin i dtaobh ceanglais maidir le hábhar an fhógra sin, ach i dtaobh rialacha agus bearta cur chun feidhme a ghlac an Bord Achomhairc de bhun Airteagal 27(2) agus (3) de na Rialacha Nós Imeachta ('treoracha cleachtais'). Ba cheart an Cláraitheoir a bheith in ann tréimhse a leagan síos go gceartóidh an t-achomharcóir an fógra achomhairc.

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 771/2008 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2008 lena leagtar síos rialacha eagrúcháin agus nós imeachta Bhord Achomhairc na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (IO L 206, 2.8.2008, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/771/oj).

(8) Ar chúiseanna éifeachtúlachta nós imeachta agus acmhainní, ba cheart tús a chur leis an tréimhse 2 mhí a bheidh ag an nGníomhaireacht a ráiteas cosanta a thíolacadh nuair a rachaidh an tréimhse a bhíonn ag an gCathaoirleach inghlacthacht an t-achomharc a chinneadh in éag.

(9) D'fhonn a áirithiú go leanfar d'achomhairc a phróiseáil ar ráta sásúil, ba cheart don Chathaoirleach cinntí maidir le hiarratais ar idiragairt a dhéanamh, seachas an Bord Achomhairc iomlán.

(10) D'fhonn na Rialacha Nós Imeachta a shimpliú agus a nuachóiriú agus chun éifeachtúlacht a mhéadú trí bhíthin an digitithe, ba cheart gach doiciméad nós imeachta a thaisceadh agus a sheirbheáil trí bhíthin ríomhphoist nó modhanna digiteacha cumarsáide eile, amhail an fhoirm ghréasáin a bhunaigh an Ghníomhaireacht chun na críche sin.

(11) I bhfianaise chineál sáraíochta na n-imeachtaí a thugtar os comhair an Bhoird Achomhairc, mar a dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta ([3]), ba cheart a shoiléiriú sna Rialacha Nós Imeachta nach gcuirfidh an Bord Achomhairc san áireamh ach na doiciméid nós imeachta agus na hítimí sin a cuireadh ar fáil don achomharcóir agus don Ghníomhaireacht agus ar tugadh deis dóibh a dtuairimí a chur in iúl ina leith, faoi réir rialacha rúndachta.

(12) I bhfianaise a thábhachtaí atá prionsabal rúndacht an phlé agus ós rud é go rachaidh an Cód Iompair do bhuanchomhaltaí an Bhoird Achomhairc ([4]) in éag leis an aistriú chuig an tsamhail nua oibriúcháin, ba cheart na heilimintí plé atá faoi réir na rúndachta a liostú i Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Achomhairc.

(13) D'fhonn a áirithiú go leanfaidh an nós imeachta achomhairc d'fheidhmiú go héifeachtúil agus go comhsheasmhach, ba cheart socrú agus síneadh teorainneacha ama nós imeachta áirithe a chur de chúram ar an gCláraitheoir. Ba cheart páirtí nó idiragraí a bheith in ann síneadh le teorainn ama a iarraidh.

(14) Ba cheart soiléiriú a dhéanamh ar an nós imeachta um athruithe ar earráidí cléireachais, ar earráidí ríomha nó ar bhotúin fhollasacha i gcinntí ón mBord Achomhairc a seirbheáladh. Ar chúiseanna a bhaineann le barainneacht nós imeachta agus chun próisis a shimpliú, ba cheart na páirtithe agus na hidiragraithe a bheith in ann barúlacha i scríbhinn a chur isteach maidir le botúin chléireachais, earráidí i ríomha agus botúin fhollasacha sa chinneadh a seirbheáladh orthu, chun gur féidir an cinneadh a cheartú. Ar mhaithe leis an gcomhleanúnachas agus chun idirdhealú a dhéanamh ón nós imeachta um choigeartú dá bhforáiltear in Airteagal 93(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, ba cheart an téarmaíocht a athrú go ceartú cinntí. Ina theannta sin, an nós imeachta um athruithe ar an gcuid oibríochtúil den chinneadh nó ar cheann de na forais ar tacaíocht is gá don chuid oibríochtúil den chinneadh iad, ba cheart an nós imeachta sin a leagan amach.

(15) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 133(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 771/2008 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1b:

'*Airteagal 1b*

An Cathaoirleach clabhsúr a chur ar achomhairc

I gcás ina dtarraingítear siar achomharc, nó i gcás ina dtarraingíonn an Ghníomhaireacht siar cinneadh a chonspóidtear ina iomláine tar éis coigeartú de bhun Airteagal 93(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, cuirfidh an Cathaoirleach clabhsúr ar na himeachtaí.';

([3]) Breithiúnais an 20 Meán Fómhair 2019, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine v an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, T-755/17, ECLI:EU:T:2019:647 agus BASF Grenzach GmbH v an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, T-125/17, ECLI:EU:T:2019:638.

([4]) Cinneadh ó Bhord Achomhairc na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán an 14 Márta 2023 lena nglactar Cód Iompair do Bhuanchomhaltaí an Bhoird Achomhairc 07fb9783-2840-21ac-f9ee-b6d1ca1164b8.

(2) in Airteagal 3(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Féadfaidh an Cathaoirleach comhalta malartach a chur in ionad aon chomhalta den Bhord Achomhairc, arna iarraidh sin don chomhalta sin, i gcás ina gcuirtear cosc ar an gcomhalta sin páirt a ghlacadh sna himeachtaí nó i gcás ina bhfuil an post folamh. Leagfar amach na critéir chun comhalta malartach a ainmniú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 27(3).';

(3) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'1a. Chun nasc idir cásanna ar bhonn ábhar na gcás a chur san áireamh, nó d'fhonn a áirithiú go bpróiseálfar achomhairc ar ráta sásúil, féadfaidh an Cathaoirleach, tar éis dul i gcomhairle leis na comhaltaí lena mbaineann, comhalta éagsúil den Bhord Achomhairc a ainmniú chun ionad an rapóirtéara a ghlacadh.';

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Féadfar cur chun feidhme na mbeart sin a chur de chúram ar an gCláraitheoir.';

(4) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

'Beidh an Cláraitheoir freagrach as riarachán an Bhoird Achomhairc agus as bainistiú na Clárlainne, faoi chuimsiú chreat riaracháin agus airgeadais na Gníomhaireachta. Tabharfaidh ranna ábhartha rúnaíocht na Gníomhaireachta cúnamh don Chláraitheoir sa chúram sin.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Áiritheoidh an Cláraitheoir go stiúrfar imeachtaí achomhairc go cuí agus tabharfaidh sé cúnamh don Bhord Achomhairc. Beidh an Cláraitheoir freagrach freisin as doiciméid a fháil, a tharchur agus a choimeád, agus as seirbhísí eile a sholáthar dá bhforáiltear leis an Rialachán seo.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Tabharfaidh an Cláraitheoir cúnamh don Bhord Achomhairc i bhfeidhmiú a dhualgas. Ceapfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Cláraitheoir tar éis dó tuairimí an Chathaoirligh a chur san áireamh. Tuairisceoidh an Cláraitheoir do stiúrthóir na Gníomhaireachta atá freagrach as acmhainní maidir le cúrsaí riaracháin agus don Chathaoirleach maidir le cúrsaí a bhaineann le hachomhairc.

Beidh de chumhacht ag an gCathaoirleach ordacháin a thabhairt don Chláraitheoir maidir le cúrsaí a bhaineann le feidhmiú fheidhmeanna an Bhoird Achomhairc.';

(5) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b) agus (c):

'(a) ainm, seoladh agus seoladh ríomhphoist an achomharcóra;

(b) i gcás ina gceapann an t-achomharcóir ionadaí, ainm, seoladh gnó agus seoladh ríomhphoist an ionadaí;

(c) seoladh agus seoladh ríomhphoist chun doiciméid a sheirbheáil, más éagsúil leo sin dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b)';

(ii) scriostar pointe (h);

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'I gcás nach gcomhlíonann achomharc na ceanglais a leagtar amach i mír 1, pointí (a) go (d), agus mír 2 den Airteagal seo, ná aon treoir chleachtais a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 27(2), féadfaidh an Cláraitheoir tréimhse réasúnta a leagan síos a gcomhlíonfaidh an t-achomharcóir iad lena linn. Ní fhéadfaidh an Cláraitheoir an tréimhse sin a leagan síos ach aon uair amháin.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Foilseofar fógra ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta, ina léireofar an dáta a fuarthas achomharc lena dtionscnaítear imeachtaí, ainm an achomharcóra, ábhar na n-imeachtaí, an leigheas atá á lorg ag an achomharcóir agus achoimre ar na saincheisteanna dlí agus ar na príomhargóintí tacaíochta.

Cinnfidh an Cathaoirleach an measfar gur faisnéis rúnda í an fhaisnéis a shonraíonn an t-achomharcóir de bhun mhír 1, pointe (g) agus áiritheoidh sé nach bhfoilseofar san fhógra aon fhaisnéis a mheastar a bheith rúnda. Ní mheasfar gur faisnéis rúnda í an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Leagfar síos sonraí praiticiúla an fhoilsithe i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 27(3).’;

(6) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Taiscfidh an Ghníomhaireacht an ráiteas cosanta laistigh de 2 mhí ó dhul in éag na tréimhse chun gur féidir leis an gCathaoirleach cinneadh a dhéanamh faoi inghlacthacht an achomhairc a leagtar amach in Airteagal 93(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

Féadfaidh an Cláraitheoir síneadh a chur leis an teorainn ama sin i gcásanna eisceachtúla má dhéanann an Ghníomhaireacht iarratas réasúnaithe.’;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) i gcás ina gceapann an Ghníomhaireacht ionadaí, ainm, seoladh gnó agus seoladh ríomhphoist an ionadaí’;

(ii) scriostar pointe (e);

(7) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c), (d) agus (e):

‘(c) ainm, seoladh agus seoladh ríomhphoist an idiragraí;

(d) i gcás ina gceapann an t-idiragraí ionadaí i gcomhréir le hAirteagal 9, ainm, seoladh gnó agus seoladh ríomhphoist an ionadaí;

(e) seoladh agus seoladh ríomhphoist chun doiciméid a sheirbheáil, más éagsúil leo sin dá dtagraítear i bpointí (c) agus (d);’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Seirbheálfar an t-iarratas ar idiragairt ar na páirtithe chun aon bharúil a fháil is mian leo a thabhairt maidir leis an iarratas sin sula ndéanfaidh an Cathaoirleach cinneadh ina leith.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. I gcás ina gcinnfidh an Cathaoirleach idiragairt a cheadú, gheobhaidh an t-idiragraí cóip de gach doiciméad nós imeachta a seirbheáladh ar na páirtithe a sholáthair na páirtithe don Chathaoirleach chun na críche sin. Ní áireofar ítimí ná doiciméid rúnda sa chumarsáid sin.’;

(c) leasaítear mír 6 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fomhír:

‘Cinnfidh an Cathaoirleach an gceadófar an t-iarratas ar idiragairt.

I gcás ina gceadóidh an Cathaoirleach an idiragairt, leagfaidh an Cláraitheoir síos tréimhse ina bhféadfaidh an t-idiragraí ráiteas idiragartha a thíolacadh.’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

‘Nuair a bheidh an ráiteas idiragartha taiscthe, féadfaidh an Cláraitheoir teorainn ama a leagan síos ar féidir leis na páirtithe freagra a thabhairt ar an ráiteas sin lena linn.’;

(8) in Airteagal 10(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Cuirfear gach doiciméad nós imeachta isteach trí bhíthin ríomhphoist nó modhanna digiteacha cumarsáide a chinneadh an Bord Achomhairc.';

(9) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)

'(a) níl an fógra achomhairc i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 6(1), pointí (a) go (e), agus in Airteagal 9 den Rialachán seo;';

(b) scriostar mír 2;

(10) cuirtear an tAirteagal 11a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 11a*

Cineál sáraíochta na n-imeachtaí

1. Ní chuirfidh an Bord Achomhairc san áireamh ach na doiciméid nós imeachta agus na hítimí sin a cuireadh ar fáil don achomharcóir agus don Ghníomhaireacht agus ar tugadh deis dóibh a dtuairimí a chur in iúl ina leith.

2. Faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo maidir leis an rúndacht agus aon chinneadh a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 27, seirbheálfar gach doiciméad nós imeachta agus ítim a áirítear sa cháschomhad ar na páirtithe.';

(11) leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Socróidh an Cláraitheoir tréimhse réasúnta chun barúlacha a chur isteach.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Tabharfaidh an Cláraitheoir fógra do na páirtithe faoi chlabhsúr a chur leis an gcuid scríofa de na himeachtaí.';

(12) in Airteagal 13(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Tíolacfar an iarraidh isteach laistigh de 2 sheachtain ón bhfógra a thabhairt don pháirtí faoi chlabhsúr na coda scríofa de na himeachtaí. Féadfaidh an Cláraitheoir síneadh a chur leis an tréimhse sin.';

(13) in Airteagal 19, cuirtear isteach an mhír 1a seo a leanas:

'1a. Beidh feidhm ag an rúndacht plé maidir leis an méid seo a leanas:

(a) tuairimí ó bhéal agus i scríbhinn ó chomhalta den Bhord Achomhairc a bhaineann leis na gnéithe dlíthiúla, eolaíocha nó teicniúla de chás achomhairc agus a chuirtear in iúl le linn an cás sin a scrúdú nó a phlé, lena n-áirítear le linn cinntí a bhaineann leis an gcás sin a dhréachtú;

(b) vótáil i gcomhréir le hAirteagal 20.';

(14) in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Seirbheálfar na cinntí agus an chumarsáid uile trí bhíthin ríomhphoist nó modhanna digiteacha cumarsáide eile a chinneann an Bord Achomhairc, tar éis do na páirtithe lena mbaineann na modhanna cumarsáide sin a chomhaontú.';

(15) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Aon tréimhse a leagtar amach in Airteagal 92(2), Airteagal 93(1) nó Airteagal 93(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 nó sa Rialachán seo chun críoch imeachtaí achomhairc, ríomhfar i gcomhréir le míreanna 2 go 6 den Airteagal seo iad.';

(16) in Airteagal 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Féadfaidh an Cláraitheoir síneadh a chur le haon teorainn ama a leagtar síos de bhun an Rialacháin seo tar éis iarraidh réasúnaithe a fháil ó pháirtí nó idiragraí.

Má chonspóideann páirtí nó idiragraí cinneadh an Chláraitheora maidir le hiarraidh ar shíneadh a chur leis an sprioc-am, cuirfidh an Cláraitheoir an cheist faoi bhráid an Chathaoirligh agus cinnfidh sé ar cheart síneadh a dheonú.';

(17) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 26:

‘*Airteagal 26*

Ceartúchán

Féadfaidh an Bord Achomhairc a chinneadh, as a stuaim féin nó tar éis iarratas a fháil ó pháirtí nó ó idiragraí laistigh de mhí tar éis an cinneadh a sheirbheáil, earráidí cléireachais, earráidí i ríomha nó botúin fhollasacha sa chinneadh a cheartú.

I gcás ina mbaineann an ceartúchán leis an gcuid oibríochtúil nó le ceann de na forais ar tacaíocht is gá don chuid oibríochtúil iad, féadfaidh na páirtithe agus na hidiragraithe barúlacha i scríbhinn a chur isteach laistigh den teorainn ama a leagfaidh an Cláraitheoir síos. Féadfaidh an Bord Achomhairc a chinneadh an cinneadh a cheartú tar éis na teorann ama sin.

Seirbheálfar an cinneadh ceartaitheach ar na páirtithe agus ar na hidiragraithe i gcomhréir le hAirteagal 22.;’

(18) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I bhfianaise an togra a d’ullmhaigh an Cláraitheoir, glacfaidh an Cathaoirleach agus an bheirt chomhaltaí eile a cheapfar i gcomhréir le hAirteagal 89(3), an chéad fhomhír de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, glacfaidh siad na rialacha agus na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo trí thromlach vótaí.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN